Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath

Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com

12/11/2013

A thuismitheoir, a chara,

Mar is eol daoibh tá M. Carmel ar ais mar mhúinteoir acmhainne le tacaíocht ón mbord bainistíochta tar éis tréimhse rathúil a bheith aici mar Phríomhoide na scoile. Idir an dá linn bhí Redempta ag feidhmiú mar Phriomhoide fad is a fograíodh an post de réir rialacha na Roinne agus Teach an Ard -Easpaig.

Ba mhaith le bord na scoile ár mbuíochas a ghabháil le Carmel as ucht í a bheith chomh diograiseach agus í mar Phríomhoide na scoile. Ba mhaith linn chomh maith ár mbuíochas a ghabháil le M.Redempta don obair a rinne sí agus í ag feidhmiú mar Phríomhoide agus a bheidh ag leanúint mar Phriomhoide Tánaisteach na scoile.

Fuair Bord na Scoile cead tar éis agallaimh a reachtáil le deanaí Príomhoide nua a cheapadh, Liam Breathnach ag tosnú ar an 6/1/2014
D'fhreastal Liam ar bhunscoil agus meánscoil lán Gaelach agus tá taithí aige a bheith ag múineadh i nGaelscoil le deich mbliana anuas. Tá go leor taithí bainistíochta, tréithe ceannasaíochta agus cailíochtaí d'ard chaighdeán aige. Táimid ag súil go mór len é a bheith mar bhall d'fhoireann Ghaelscoil Naomh Pádraig.

le meas,

Brian ó Fiaich

Cathaoirleach